**ÁRAS NUA-EALAÍNE NA hÉIREANN**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

Irish Museum of Modern Art

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil 2010

### Brollach an Chathaoirligh

D’éirigh go han-mhaith le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) an bhliain atá a hathbhreithniú, go háirithe i gcomhthéacs phríomhfheidhm an Árais maidir le clár éagsúil agus spreagúil taispeántas a thabhairt chuig an bpobal a thagann go dtí an tÁras. Fuarthas freagairt mhaith ó chuairteoirí rialta an IMMA maidir le clár an Árais. Tharraing an clár daoine úra go dtí an IMMA chomh maith d’fhonn rangú an Árais mar cheann de cheannphointí móréilimh Bhaile Átha Cliath a choinneáil. Thug os cionn 418,000 cuairteoir cuairt ar an Áras in 2010.

I measc na mbuaicphointí in 2010 bhí:

- An taispeántas an-rathúil *The Moderns*, tionscadal suntasach ina ndéantar scrúdú ar fhorbairt na nua-aimsearthachta in Éirinn sa 20ú haois trí na hamharcealaíona agus cineálacha eile ealaíne, luaite in *The Irish Times* mar “chaithréim” agus “nóiméad sainitheach” i stair an Árais.

- Taispeántais le speictream leathan d’ealaíontóirí idirnáisiúnta taibhseacha, lena n-áiríodh Jorge Pardo, Francis Alÿs, Carlos Garaicoa agus Ferran Garcia Sevilla, príomhghné eile sa dóigh a mbraitear an IMMA sa bhaile agus thar lear. Chomh maith leis sin an taispeántas *Vertical Thoughts* inar dtugadh saothair a lán de phríomhealaíontóirí Meiriceánacha as an 20 haois le chéile, iad uile ina gcomhlacha den chumadóir nuálach Morton Feldman.

- An taispeántas *Altered Images*, an chéad taispeántas dá chineáil in Éirinn inár lorgaíodh rannpháirtíocht le haghaidh daoine faoi mhíchumais sna hamharcealaíona a threisiú trí shamhlacha faoisimh tabhlacha, cur síos fuaime agus ateangaireacht teanga chomharthaíochta.

- Sealbhú sraith saothar le healaíontóirí Éireannacha nó ealaíontóirí atá bunaithe in Éirinn a bhfuil aitheantas atá ag dul i méid sa saol d’ealaín idirnáisiúnta á ghnóthú acu, arna maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt roimh chéiliúradh 20 bliain an IMMA. Ina theannta sin, líon bronntanas suntasach, lena n-áirítear bronntanas ón ealaíontóir Éireannach Les Levine atá bunaithe i Nua-Eabhrac.

- Tionscnaimh úra i gClár Oideachais agus Pobail an IMMA, lena n-áiríodh comhpháirtíocht taighde dhigitigh nuálach, DECHIPER, tionscadal taighde ilmhilliún euro arna thacú ag an Aontas Eorpach, le cuidiú le daoine tuilleadh foghlaim faoi bhailliúcháin ealaíne i músaeim, gailearaithe, agus institiúidí cultúrtha eile, ina raibh eagraíocht chomhpháirtíochta ón Ríocht Aontaithe, ón Iodáil, ó Phoblacht na Seice agus ó Éirinn bainteach.

- Clár athchóirithe cuimsitheach le haghaidh na stiúideonna a úsáidtear le haghaidh an Chláir Chónaitheachta d’Ealaíontóirí. Mar aon le cónaitheacht 15 ealaíontóir Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Tá an tÁras tiomanta do na hoibleagáidí uile atá leagtha síos sa Chód Úr Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Is féidir liom a dhearbhú gur cuireadh doiciméad dar teideal “Rialachas Corparáideach”, arna eisiúint ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i mí an Mhárta 2009, síos ar chlár ag cruinniú an Bhoird arna dhátú an 8 Bealtaine 2009. Eisítear an doiciméad seo nó an leagan is nuashonraithe de ar gach ball úr Boird.

Braitheann rath an Árais ar thacaíocht chineálta a lán daoine aonair agus eagraíochtaí, idir phoiblí agus phríobháideacha. Ba mhaith leis an mBord a mbuíochas a ghabháil leis an Uasal Martin Cullen, a bhí ina Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go dtí mí an Mhárta 2010, agus leis an Uasal Mary Hanafin, a bhí sa phost mar Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go dtí mí Feabhra 2011. Bhí an dá Aire ar fheabhas ina mbainteacht leis na healaíona agus lena dtiomantas dóibh, agus ina n-oscailteacht maidir le dearcthaí phobal na n-ealaíon i múnlú pholasaí an Rialtais. Táimid ámharach chomh maith lenár nAire úr um Ealaíona, Oidhreacht agus Gaeltacht, Jimmy Deenihan, TD. Tá sé an-spreagúil bainteacht an-ghníomhach an Aire le hearnáil na n-ealaíon óna cheapachán a shonrú.

Táimid buíoch chomh maith d’oifigigh ár máthair-Roinne, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois; do na healaíontóirí, na músaeim agus na gailearaithe a chomhoibrigh linn le linn na bliana; dár mbronntóirí agus dár n-iasachtóirí flaithiúla; do na mórán comhpháirtithe atá páirteach inár gClár Oideachais agus Pobail; d’Oifig na nOibreacha Poiblí agus dár mBaill, Pátrúin agus urraitheoirí

Ba mhaith leis an mBord buíochas faoi leith a ghabháil le stiúrthóir an IMMA, Enrique Juncosa, a bhfuil méid suntasach déanta aige d’fhonn seasamh an Árais a threisiú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ó ceapadh é in 2003; agus le bainistíocht agus foireann an IMMA chomh maith as a dtiomantas gan teip maidir le hobair an Árais a chur i gcrích le linn na bliana.



Eoin McGonigal

**Taispeántais**

Le linn 2010 leanadh de shaothar ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta araon a chur i láthair san Áras. Rinneadh tuilleadh treisithe chomh maith ar a cháil idirnáisiúnta le mórchomhoibriú ar fud an domhain, amhail seó iardhearcach Francis Alÿs, a tugadh go dtí Tate Modern i Londain, agus taispeántas aonréadach de chuid Ferran García Sevilla, a tugadh ar turas go dtí Patio Herreriano, Valladolid, an Spáinn. Chomhoibrig an IMMA le coimeádaithe neamhspleácha chomh maith, amhail Juan Manuel Bonet, iarstiúrthóir Museo Nacional Centro de Arte Reina Sofía, Maidrid, agus Catherine Lampert, coimeádaí agus iarstiúrthóir an Whitechapel Art Gallery, Londain. Leandadh de chaighdeán le haghaidh sármhaithis a mhéadú san Áras maidir le foilsiú, trí chatalóga ina gcuimsítear scríbhneoirí agus coimeádaithe idirnáisiúnta, amhail Hans Ulrich Obrist, Stiúrthóir na dTionscadal Idirnáisiúnta ag Serpentine Gallery, Londain, agus Okwui Enwezor, iar-Dhéan na nGnóthaí Acadúla ag San Francisco Art Institute.

Rinneadh an clár úr a lainseáil i mí Feabhra le dhá thaispeántas – leis an ealaíontóir Éireannach **Anne Tallentire** agus an ealaíontóir Cúbach **Jorge Pardo**, an chéad mórthaispeántas aonréadach ag Pardo in Éirinn. Chuir Anne Tallentire dhá cheannn dá tionscadail is déanaí *Nowhere else*, 2010, agus *The Readers*, 2010 i láthair. Áiríodh saothair eile – ceann acu i gcomhoibriú leis an ailtire Dominic Stevens, ceann eile leis an ealaíontóir John Seth – chomh maith. Déanann Tallentire scrúdú ar conas is féidir le hordú nó mí-ordú rudaí cinntithigh shóisialta agus chultúrtha an ghnáthshaoil laethúil a chur in iúl. Agus gníomh, ní agus íomhá á neas-shuí aici déanann sí saothar ina n-úsáidtear raon meán amhail téacs, físthaibhiú, cóimeáil, grianghrafadóireacht agus scannáin. Áiríodh sa chatalóg lánmhaisithe a bhí ag gabháil leis an taispeántas téacsanna úra le Charles Esche, Stiúrthóir an Van Abbesmuseum, Eindhoven, agus Vaari Claffey, coimeádaí neamhspleách; agus agallamh leis an ealaíontóir Hans Ulrich Obrist, Comh-Stiúrthóir, Taispeántais agus Cláir, agus an Stiúrthóir, Tionscadail Idirnáisiúnta, Serpentine Gallery, Londain. Bhí an taispeántas tacaithe ag University of Arts, Londain, agus Comhairle na Breataine.

Arna rugadh i 1963, tá Jorge Pardo i measc an chéad ghlúine d'ealaíontóirí leis na meáin úra a úsáid agus scrúdú a dhéanamh ar thodhchaí na healaíne laistigh de theicneolaíochtaí úra. Ba é an chéad uair do thaispeántas dá leithéid ar fud an domhain – "iardhearcacht shamhalta"

choincheapúil, inar cuimsíodh 60 go 100 saothar ealaíne, suiteáil, agus tionscadal, iad go léir curtha i láthair go croineolaíoch i bhfoirm páipéar balla de mhúrghrianghraf. Bhí gach gné den taispeántas, lena n-áirítear lipéid agus teacsanna, ionchorpraithe isteach sa pháipéar balla, ag léamh cosúil le stair phictiúrtha d'fhorbairt chleachtas Pardo. Bhí catalóg sheamhnach ag gabháil leis an taispeántas le téacsanna le Pardo; an léirmheastóir ealaíne Alex Coles; ailtire, scríbhneoir agus coimeádaí Shumon Basar, agus Shamin M. Momin, an Bunaitheoir/Stiúrthóir ar Los Angeles Nomadic Division (LAND).

I mí Feabra chomh maith, chuir an t-ealaíontóir **Francis Alÿs** a rugadh sa Bheilg a shraith leanúnach *Temps du Sommeil*, a thosaigh sé i 1996 i láthair. Ag cuimsiú os cionn 100 péintéireacht, lena raibh treoracha agus cártaí poist cosúil le dialann ag gabháil, cuireadh síos ar an saothar mar chlár scéalta nó mar chartlann thar a bheith samhlaíoch Alÿs. Mar phointe tosaigh ina lán de ta gníomhartha simplí a léirigh an t-ealaíontóir agus atá doiciméadaithe i ngrianghraif, scannán ó ar chártaí poist. Go minic léiríonn na gníomhartha sin, lena mbíonn nithe coimhthíocha agus cleachtaí gan toradh i gceist, staid cosúil le brionglóid theideal an taispeántais, a thiocfaí a aistriú mar "am codlata". I ndiaidh é a thaispeáint ag an IMMA, tugadh an tsraith go dtí an Tate Modern, áit ar taispeánadh é mar chuid den chéad chéim in iardhearcacht idirnáisiúnta shaothar Alÿs. Ba í Catherine Lampert, coimeádaí agus iarstiúrthóir ar Dhánlann an Teampaill Bháin, a bhí i mbun coimeádaíochta air, agus bhí foilsiú lánmhaisithe le hatáirgí de na 111 péintéireacht ag gabháil leis.

I mí an Mhárta bhí an-áthas ar an Áras taispeántas tábhachtach a chur i láthair maidir leis an gcaidreamh idir an cumadóir Morton Feldman as an 20ú haois a raibh tionchar aige agus Scoil ealaíontóirí Nua-Eabhrac. Dar teideal ***Vertical Thoughts: Morton Feldman and the Visual Arts***, ba í an Juan Manuel Bonet, coimeádaí neamhspleách agus iar-Stiúrthóir ar Museo Nacional Centro de Arte Reina Sofía, Maidrid, a bhí i mbun coimeádaíochta air. Áiríodh sa taispeántas scóir cheoil, aithrisí taifead, grianghraif agus doiciméid eile, mar aon le saothair ealaíne a rinne ceithre ealaíontóir déag bainteach le Feldman, lena n-áirítear Francesco Clemente, Willem de Kooning, Philip Guston, Jasper Johns, Robert Rauschenberg, Mark Rothko agus Cy Twombly. Chomh maith leis sin áiríodh saothair ealaíne ó bhailiúchán Feldman é féin agus roghnúchán de rugaí oirthearacha Feldman, a raibh tionchar acu ina smaointeoireacht féin. I gcomhar leis na taispeántas, d'eagraigh an IMMA clár d'eachtraí bainteacha, lena n-áiríodh sratih ceolchoirmeacha de cheol Feldman. Bhí foilsiú ag gabháil leis an taispeántas, a chuir Seán Kissane in eagar le téacsanna le Dore Ashton, staraí agus léirmheastóir; leis an ealaíontóir Brian O'Doherty; an scríbhneoir Francesco Pellizzi, agus Juan Manuel Bonet. Bhí an taispeántas tacaithe ag *The Irish Times*, RTÉ ag Tacú leis na hEalaíona agus Scéim Turasóireachta Cultúrtha na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (DTCS).

Cuireadh fáilte i mí an roimh dhá ealaíontóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta acu - **Carlos Garaicoa** ó Chúba agus **Ferran García Sevilla** ón Spáinn. Ó thús na 1990idí, tá Carlos Garaicoa ag úsáid cur chuige ildisciplíneach ar a n-áirítear ailtireacht, insint, stair agus an pholaitíocht. Ag glacadh chathair Havana mar a shaotharlann, tá tráchtanna gríosaitheacha maidir le ceisteanna ina shaothair amhail ábaltacht an ailtire an stair, cliseadh na nua-aoiseachais mar chatalaíoch le

haghaidh athrú sóisialta agus frustachas agus meathlú na bhflaitheas ar an talamh sa 20 haois a mhionathrú. Ba é Seán Kissane a bhí i mbun coimeádaíochta ar an taispeántas, agus bhí catalóg ag gabháil ina raibh saothar Garaicoa ó bhí 2006 ann, le téacsanna ó Seán Kissane, Okwui Enwezor, iar-Dhéan na nGnóthaí Acadúla ag San Francisco Art Institute agus Stiúrthóir Ainmnithe an Haus der Kunst, Munich, agus Cuauhtémoc Medina, staraí ealaíne agus coimeádaí.

Arna rugadh in Palma de Mallorca i 1949, tá stíl phictiúrtha eicléictiúil forbartha ag Ferran García Sevilla a chruinnigh sé óna thaisteal ar fud an domhain, mar aon le leabhair ghrinn, graifítí uirbheach, fealsúnacht agus cultúir an Oirthir, as a thagann spásanna oscailte céadfaíochtúla ina ndéantar gach rud a chumasc le chéile, i dtéarmaí íocónagrafaíochta agus idéanna araon. Bíonn a chánbhais amha, dhathannacha, phrimitíbheacha go minic lán de thráchtanna géara, scríofa de lámh ar an saol agus ar an bpolaitíocht. Ag úsáid siombal reiligiúnach, féachann sé do na cineálacha luchtaithe seo a chumhachtú agus dúshlán a chur orthu chomh maith seachas iad a dhéanamh mionchúiseach. Chuimsigh an taispeántas 42 péintéireacht, agus taispeánadh a mhórshaothair taobh le saothair úra ó stiúideo an ealaíontóra. Faoi choimeád Enrique Juncosa, Stiúrthóir an IMMA, tugadh an taispeántas go dtí Patio Herreriano, Valladolid, an Spáinn, agus bhí catalóg ag gabháil leis le téacsanna le Enrique Juncosa; Seán Kissane; an t-ealaíontóir agus léirmheastóir John Yau; Dan Cameron, Stiúrthóir na nAmharcealaíon ag New Orleans Contemporary Arts Centre, agus Greg Hilty, an Stiúrthóir Coimeádaíochta, Lisson Gallery, Londain.

I mí Mheán Fómhair bhí bród ar an Áras ceiliúradh 50ú bliain **Stiúideo Grafaice Bhaile Átha Cliath,** an chéad stiúideo prionta mínealaíne in Éirinn a chomóradh. Bunaithe i 1960 mar mhodh le spás stiúideo a chur ar fáil, agus le teicnící éagsúla priontaí mínealaíne nach raibh curtha ar fáil go fóill in institiúidí oideachais in Éirinn a theagasc. Tugadh bunú an stiúideo le Patrick Hickey, Leslie MacWeeney, Liam Miller, Elizabeth Rivers, Anne Yeats agus Mary Farl Powers agus an comhoibriú a d’fhorbair siad le healaíontóirí eile i meáin eile trína gClár um Ealaíontóirí ar Cuairt chun suntais sa taispeántas. Bhí saothar ann ó na baill bhunaidh, ealaíontóirí ar cuairt agus a lán baill stiúideo, a tugadh ó chartlann Stiúideo Grafaice Bhaile Átha Cliath. Bhí foilseachán ag gabháil leis le téacsanna ó choimeádaí an taispeántais, Eimear O’Raw agus Aidan Dunne, léirmheastóir agus scríbhneoir.

**Bailiúchán**

Ba iad bronntanais an phríomhfhoinse **sealbhuithe** le haghaidh Bhailiúchán an IMMA in 2010 seachas an eisceacht shuntasach de 12 shaothar a ceannaíodh don Bhailiúchán, le maoiniú speisialta ón DTCS d’fhonn comóradh 20 bliain an IMMA a shonrú. Tá deich gcinn de na saothair le healaíontóirí atá úr don Bhailiúchán – Nina Canell, John Gerrard, Katie Holten, Nevan Lehart, Niamh McCann agus Niamh O’Malley. Is le Garrett Phelan, Patrick Michael Fitzgerald agus Alan Phelan atá sa Bhailiúchán cheana na saothair eile. Macallaíonn na

sealbhuithe sealbhuithe na 41 saothar tionscnaimh a ceannaíodh don Bhailiúchán nuair a osclaíodh an IMMA den chéad uair i 1991. Is Éireannaigh iad na healaíontóirí ar fad lena mbaineann, nó tá siad ina gcónaí in Éirinn le fada, agus is ionann iad agus glúin ealaíontóirí a bhfuil a ngairmeacha ag fás go gasta anois ar bhonn idirnáisiúnta.

Ceannaíodh cúig shaothar griangrafadóireachta le Perry Ogden, úr sa Bhailiúchán chomh maith, le cistí a bhronn Máire agus Maurice Foley, ag leanúint dá dtacaíocht airgeadais fhadtéarmach don Áras. Sealbhuithe gach saothar thuasluaite leis an bpríomhghrúpa a bhunú don taispeántas comóradh ócáide *Twenty* in 2011.

Arís thug ealaíontóirí bronntanais go flaithiúil don Bhailiúchán. Bhí bronntanas de thrí shraith saothair, ina raibh 105 píosa go hiomlán, thar a bheith suntasach, ón ealaíontóir Éireannach Les Levine, atá bunaithe in Nua-Eabhrac: saothar grianghrafadóireachta iomráiteach; *The Troubles:An Artist's Document of Ulster*, 1972, agus dhá ábhar eile de shaothair eitseáilte ó 1972 agus 1979 faoi seach. Is pearsa suntasach é Levine maidir le healaín choincheapúil ar bith ó na 1960idí i SAM agus tá suntas faoi leith ag baint leis mar bhunaitheoir Ealaín na Meán. Thug Anne Madden luathshaothar tábhachtach chomh maith, *Menhir (Bloody Sunday)*, 1976, a rinneadh mar fhreagairt ar an scaoileadh i nDoire i 1972 le linn Na dTrioblóidí.

I measc bronntanas ó ealaíontóirí eile bhí suiteáil mheán measctha ar mhór scála le Clodagh Emoe, arna mholadh don IMMA ag an Project Arts Centre inar coimisiúnaíodh an saothar agus inar cuireadh i láthair é; píosa físe leis an ealaíontóir Sasanach Sam Jury i ndiaidh a cónaitheachta stiúideo ag an IMMA, agus dealbh cruach dosmálta le Iran do Espirito Santo, a tugadh i ndiaidh shealbhú a phíosa cuimhneacháin. *Untitled/Correciones D*, 2008, in 2009, agus a thaispeántas aonréadach ag an IMMA in 2006. I ndiaidh bronntanas roimhe seo i 1999 agus 2008, thug Banc na hÉireann a thríú bronntanas de shaothair ar chuireadh ón Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin, TD. Cé gur tugadh na bronntanais roimhe seo faoi Alt 1003, níor baineadh leas as faoiseamh cánach maidir leis seo. Cuimsítear 11 saothar ann ó ealaíontóirí lena n-áirítear Mainie Jellett, F E McWilliam, Charles Brady, Michael Craig-Martin, James Coleman, Gerda Fromel agus Alexandra Wejchert.

I ndiaidh thaispeántas monagrafach shaothar James McKenna, nach maireann, ag an IMMA in 2007, bhronn Desmond, Viv, Kate agus Bébhinn Egan luathsaothar snoite, ar tomhas nádúrtha, *Aisling Scariff*, 1964, ar an IMMA. Thug an t-iarbhall boird Frank X Buckley péintéireacht le Geraldine O'Neill, *Boy,* 2008, ag tabhairt an ealaíontóra seo isteach sa Bhailiúchán. Ceannaíodh *Big School Dog*, 1988, le John Kindness, a bhí ar iasacht fhadtéarmach leis an IMMA ó bhí 1999 ann, don Bhailiúchán le cistí a chuir Cormac K.H. O'Malley ar fáil.

Tá iasacht na hCistí Mheiriceá-Éireann de 39 saothar le Hughie O'Donoghue le trí bliana anuas bronnta go hiomlán anois. Áirítear leis seo 39 péintéireacht agus eitseáil ar mhórscála, a lán acu i bhformáid triptice, le raon dátaí ó 1992 go 2003 ag baint leo. Tá roinnt acu ar iasacht le láithreáin éagsúla arna mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear Áras an

Uachtaráin, Coláiste Mhaigh Nuad, Farmleigh, chomh maith le hAmbasáid na hÉireann in Washington, agus tá roinnt acu i stóráil i Nua-Eabhrac agus déanfar iad a sheoladh go hÉirinn de réir mar a bheidh go leor cistí ar fáil.

**Le haghaidh sonraí a fháil ar na sealbhuithe ar fad a faomhadh in 2010 – féach Aguisín 1.**

In 2010 taispeánadh **taipseántais agus taispeáintí ón mBailiúchán** sa phríomhfhoirgneamh, sna Gailearaithe Úra agus sna tailte agus go fairsing ar fud Éireann chomh maith tríd an gClár Náisiúnta, trínar tugadh 132 saothar ar iasacht le hionaid ar fud na tíre le linn na bliana. Bhí *Between Metaphor and Object* ar siúl ó 2009 go dtí mí Aibreáin 2010, ag cur raon saothair ealaíne ón na 1990idí go príomha i láthair. Deartha d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an éagsúlacht cleachtais atá i mBailiúchán an IMMA ón tréimhse seo, bhí roinnt píosaí ó Bhailiúchán iomráiteach Weltkunst de dhealbhóireacht na Breataine ó na 1980idí agus 90idí ionchorpraithe ann, ar iasacht leis an IMMA ó bhí 1994 ann, cuid acu a tugadh ar ais in 2010 chomh maith. Bhí sé i mbun coimeádaíochta Cheann an mBailiúchán, Christina Kennedy, agus Marguerite O'Molloy, Coimeádaí Cúnta: Bailiúcháin.
Bhí sé d'aidhm leis an gcéad taispeántas dá chineáil in Éirinn an *Altered Images* úr, a d'eagraíodh tríd an gClár Náisiúnta agus a taispeánadh ag an IMMA ó mhí an Mheithimh go dtí mí Lúnasa, bainteacht leis na hamharcealaíona a spreagadh le haghaidh an phobail i gcoitinne agus daoine faoi mhíchumais, trí shamhlacha faoisimh tabhlacha, cur síos fuaime agus ealaíontóirí agus ateangaireacht teanga chomharthaíochta – féach an ***Clár Náisiúnta*** thíos le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil.

Bhí 42 saothar in *Collecting the New*, ar siúl ó mhí na Bealtaine go dtí mí Lúnasa, a bhí sealbhaithe, den chuid is mó, ó bhí 2005 ann agus a bhí ar taispeáint den chéad uair ag an IMMA. Bhí fiche a sé ealaíontóir Éireannach agus idirnáisiúnta ionadaithe ann, lena n-áirítear Amanda Coogan, Alexandra do Charmo, Patrick Hall, Stefan Kürten, Catherine Lee, Nalini Malani agus Janet Mullarney. Léirigh an taispeántas polasaí sealbhuithe an Árais gur cheart don Bhailiúchán a bheith freamhaithe sa lá inniu, ag díriú ar shaothar ealaíontóirí a mhaireann a shealbhú, ach ag an am céanna bronntanais agus iasachtaí ó ábhair ealaíne níos stairiúla le béim faoi leith ar shaothar ó na 1940idí ar aghaidh a ghlacadh. Bhí an taispeántas faoi choiméadaíocht Johanne Mullan agus Georgie Thompson, Coimeádaí Cúnta: Bailiúcháin.

I mí Iúil agus Lúnasa, rinneadh ról Jim O'Driscoll, Abhcóide Sinsearach, nach maireann, mar phátrún ar a lán ealaíontóirí Éireanancha, go háirithe iad siúd a bhaineann lena chontae dúchasach, Corcaigh, a aithint trí thaispeáint de 12 shaothar óna bhailiúchán príobháideach. Áiríodh saothair le Tony O'Malley, William Crozier, Michael Mulcahy, Brian Bourke, Patrick Collins agus Charles Brady ann. Ba í Christina Kennedy a roghnaigh iad.

Osclaíodh *Post War American Art: The Novak /O'Doherty Collection* sna Gailearaithe Úra i mí Mheán Fómhair ar ócáid an bhronntanais arna thabhairt go flaithiúil ag an staraí ealaíne Barbara Novak agus an t-ealaíontóir Brian O'Dohery/Patrick Ireland de shaothair óna mbailiúchán don IMMA. Ina measc bhí uiscedhathanna, líníochtaí, priontaí agus grianghraif, mar aon le péintéireachtaí suntasacha agus dealbhóireacht shuntasach ó ealaín Mheiriceánach ar fud an 20ú haois, go háirithe ealaín Nua-Eabhrac ó na 1960idí agus 70idí. Cruthaíodh bailiúchán Novak /O'Doherty thar 50 bliain trí chairdeas pearsanta bronntóirí agus idirghníomhaíochtaí laistigh de phobal ealaíon Nua-Eabhrac den chuid is mó. Chomh maith le cuid de na príomhnóiméid i bhforbairtí ealaíne an lae a chur in iúl, is achomaireacht é fosta ar stair shóisialta agus a gcairdeas ar fud speictream ealaíontóirí agus gluaiseachtaí ealaíne, lena n-áirítear le Edward Hopper, Mark Rothko, Robert Rauschenberg agus Marcel Duchamp. I measc na n-ealaíontóirí iomráiteach ionadaithe sa bhailiúcháin bhí George Segal, Jasper Johns, Sol LeWitt, Roy Lichtenstein, Sonja Sekula, Christo, Ray Johnson, Romare Bearden, John Coplans agus a lán eile.. Ba í Christina Kennedy a bhí i mbun coimeádaíochta air agus ba iad Christina Kennedy agus Marguerite O'Molloy a rinne comheagarthóireacht ar an leabhar a bhí ag gabháil leis.

Tionóladh mórthionscadal dar teideal ***The Moderns*** ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí Aibreáin 2011. Ar an tionscadal aonair is uaillmhaí a rinne an IMMA ariamh, cuireadh suirbhé croineolaíoch uathúil ar fáil ann maidir leis na forbairtí is trialaí agus is nuálaí in amharcealaíona na hÉireann agus cineálacha eile ealaíne agus disciplíní bainteacha ó na chéad fiche agus tríocha bliain den 20ú haois go dtí na 1970idí. Dírithe thart ar Bhailiúchán an IMMA, bhí 198 ealaíontóir agus 450 saothar sa taispeántas agus príomhiasachtaí ó bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha in Éirinn agus thart lear. Lean a chomhthéacs idirdhisciplíneach leathan ón aitheantas nach bhfuil cineálacha ealaíne comheisiatach agus gur féidir tuiscint ar cheann amháin acu a bheith mar bhonn eolais ar cheann eile. Bhí Enrique Juncosa agus Christina Kennedy beirt i mbun coimeádaíocht ar *The Moderns* agus lainseáil sé clár Chomóradh 20 Bliain an IMMA. Ar na comhpháirtithe comhoibríocha bhí Institiúid na Scannán Éire agus an Gailearaí Grianghrafadóireachta.

Tá ról iontach imeartha ag ealaíontóirí agus scríbhneoirí na hÉireann i stáirt an Nua-aoiseachais, agus rianaíodh é seo in *The Moderns* ar feadh cineálacha ealaíne éagsúla lena n-áirítear péinteáil, dealbhóireacht, líníochtaí, grianghrafadóireach, mionsamhlacha agus pleananna ailtireachta, dearadh, litríocht, scannáin agus ceol d'fhonn tuiscint níos doimhne agus níos saibhre ar ealaín na tréimhse a nochtadh. Lean a chomhthéacs idirdhisciplíneach leathan ón aitheantas nach bhfuil cineálacha ealaíne comheisiatach agus gur féidir tuiscint ar cheann amháin acu a bheith mar bhonn eolais ar cheann eile.

Chuir *The Moderns* péintéireachtaí Mainie Jellett, Evie Hone agus tathantóirí eile de Nua-Aoiseachas na hEorpa i láthair neas-suite le saoithiúlacht an dearthóra-ailtire Eileen Gray agus an scríbhneora James Joyce; grianghraif iontacha le Roger Casement sa Chongó, féinphortráidí agus íomhánna eile le George Bernard Shaw, grianghraif leis an Athair De Brún agus ó Páipéir Nuachtáin Neamhspleácha sna chéad fiche agus tríocha bliain den chéad. Rinneadh scrúdú fosta

ar shaothair John Millington Synge, Paul Henry agus teaghlach Yeats; tionchar an Osréalachais; Taispeántas na hÉireann ar an Ealaín Bheo (the Irish Exhibition of Living Art), Grúpa an Tuaiscirt (The Northern Group), naisc iarchogaidh i measc ealaíontóirí agus scríbhneoirí na hÉireann agus na Breataine, lena n-áirítear Francis Bacon, Louis le Brocquy agus Anthony Cronin; agus tabhairt isteach Samuel Beckett den chéad uair mar amharcealaíontóir trína saothar scannán dar teideal *Film*. In *The Moderns* léiríodh na taispeántais nuálacha *Rosc* as na 1960idí agus 70idí ar aghaidh, luachanna uilíocha ailtireacht Mies Van der Rohe léirmhínithe i bhfoirgnimh Scott Tallon Walker, rianaíodh Íostachas agus Coincheapachas agus teacht chun cinn iar-nua-aoiseachais i saothair Brian O'Doherty, Barry Flanagan, Michael Craig-Martin, Sean Scully agus James Coleman. Bhí céad eagraithe le príomhscríbhneoirí Éireannacha ann chomh maith, lena n-áirítear Flann O'Brien, Patrick Kavanagh, Brian Friel, John McGahern agus Seamus Heaney agus roghnúchán de cheol na tréimhse a bhfuil moladh faighte aige ó na léirmheastóirí le cumadóirí lena n-áirítear Frederick May, Sean O'Riada, Raymond Deane agus Gerald Barry.

Tá foilseachán fairsing dar teideal *The Moderns*, á ullmhú ag deireadh 2010, ar fáil anois agus cuimsítear téacsanna ann le Bruce Arnold, Theo Dorgan, Aidan Dunne, Luke Gibbons, Enrique Juncosa, Robert O'Byrne, Christina Kennedy, David Lloyd, Ellen Rowley agus Brian Cass. Fuarthas urraíocht do *The Moderns* ó BNP Paribas, DCTS, *The Irish Times*, RTÉ, Ebow agus urraitheoirí éagsúla gan ainm.

Le cois na 132 saothar a tugadh ar iasacht mar chuid den Chlár Náisiúnta, rinneadh na **hiasachtaí idirnáisiúnta seo a leanas** ón mBailiúchán: Rachel Whiteread, *Floor,* 1993, le haghaidh *Rachel Whiteread: Drawings* ag Grunwald Center for the Graphic Arts, Hammer Museum, Los Angeles; an Nasher Sculpture Center, Dallas, Texas, agus Tate Britain; Tom Molloy, *Dead Texans*, 2002 (ag cuimsiú 100 píosa), agus *Skull Drawing – Self Portrait,* 2002, le haghaidh *Tom Molloy: New Work* ag The Aldrich Contemporary Art Museum, Ridgefield, Connecticut, agus Richard Deacon, *Lock*, 1990, go *Richard Deacon* ag Musée de la Ville de Strasbourg. Leanfaidh an iasacht cúig bliana de 23 saothar le Cónaitheacht Ambasadóir na hÉireann sa Háig go dtí mí na Samhna 2012 agus áirítear air saothair le Mary Swanzy, Colin Middleton, Gerard Dillon, Tony O'Malley, Stephen McKenna, Barrie Cooke agus a lán eile.

I measc **iasachtaí Náisiúnta ón mBailiúchán** le linn 2010 bhí an tsraith de shé phrionta le William Hogarth dar teideal *A Harlot's Progress,* 1732, cuid de Bhailiúchán Madden/Anholz , le haghaidh *City of Women* le Jaki Irvine ag The LAB, Baile Átha Cliath; ó Bhailiúchán Madden Arnholz chomh maith, greanadh le Virgil Solis, *Society of Anabaptists after Aldegrever,* 1540, le haghaidh na *Five Golden Haemorrhoids* le Noel Brennan ag Highlanes Gallery, Droichead Átha; Oliver Comerford *Out Here III*, 2003, leis an Acadamh Ibearnach Ríoga le haghaidh *Oliver Comerford;* Janet Mullarney, *The Straight and Narrow,* 1991, le haghaidh*Things Made* ag an Acadamh Ibearnach Ríoga; Brian Bourke, *Woman Giving Birth to Men,* 2001-2003, le haghaidh *Brian Bourke* ag an Festival Fairgreen Gallery, Gaillimh, mar chuid d'Fhéile Ealaíon na Gaillimhe.

**Tugadh roinnt iasachtaí fadtéarmacha ar ais dá n-úinéirí** le linn na bliana. Rinneadh Bailiúchán Ealaíne ón Imeall Musgrave Kinley de 600 saothar agus leabharlann bhainteach a aistriú ar bhonn buan ón IMMA go dtí Whitworth Museum, Manchain, dá dtugadh mar bhronntanas é ó Monika Kinley. Le linn 2010 comhaontaíodh é le Nicholas Ward Jackson agus Fondúireacht Weltkunst go dtabharfar gach rud ach amháin cúig cinn de na dealbha agus an 105 saothar ar pháipéar ó Bhailiúchán Weltkunst ar ais thar an gcéad 18 mí eile. Tugadh an chéad ghrúpa de 13 shaothar ar ais i mí Iúil 2010. Lena chois sin, tugadh *Golden Oldies*, 1992, le David Mach ar ais do Chomhairle na Breataine, agus tugadh *La Rencontre*, 1992, le Michael Farrell ar ais do Jason Forde.

Bhí roinnt **foilseachán** ar an mBailiúchán ag gabháil leis na taispeántais réamhluaite, go sonrach *What Happens Next is a Secret*, agus *Post-War American Art: The Novak/O'Doherty Collection.* Bhí leabhar *The Moderns* á tháirgeadh le linn dheireadh na bliana 2010 agus foilsíodh é i mí an Mhárta 2011. Tá *Anne Madden: Painting and Reality* ar an tríú foilseachán i sraith leabhrán dar teideal *The IMMA Series*, arna fhoilsiú ag Charta le haghaidh Bhailiúcháin an IMMA agus tiomnaithe d'ealaíontóirí sa Bhailiúchán. Léiríonn an tsraith a nguthanna pearsanta trí léachtaí, agallaimh agus ráitis. Áiríodh le foilseachán Madden Léacht Geimhridh an Ealaíontóra in 2007 mar aon le saothair ón mBailiúchán agus thairis sin.

Taispeánadh an **scannán faisnéise** a rinne Loopline Films de *The Burial of Patrick Ireland*, a tionóladh ag an IMMA i mí na Bealtaine 2008, in Institiúid na Scannán Éire i mí Dheireadh Fómhair agus bhí an t-ealaíontóir i láthair aige.

D'fhonn na hoibreacha tógála ag an siopa ealaíne ó mhí an Mhárta go dtí mí an Mheithimh 2010 a éascú, bhí ar an rannóg tógáil scáthlán cosanta a eagrú le haghaidh thart ar 650 saothar ar an láithreán. Cuireadh áracahas breise, nó Cumhdach Athchóirithe i bhfeidhm ar eagla go dtarlódh timpistí ar bith.

### *An Clár Náisiúnta*

Bunaíodh an Clár Náisiúnta, atá ar siúl anois ar feadh ceithre bliana dhéag, le rochtain níos fearr a chruthú ar bhailiúchán an IMMA i raon ionad agus cásanna ar fud na hÉireann. Déantar dianiarracht tríd an gClár Náisiúnta an tÁras a bhunú mar a bheith eisiatach, inrochtana agus náisiúnta, ag dílárú an Bhailiúcháin, agus á chur ar fáil do phobail ina gceantair féin, de réir a dtéarmaí féin, in ionaid ina mbeidh an lucht féachana/éisteachta compardach agus eolach orthu. Toisc go n-éascaítear taispeántas agus tionscadail lasmuigh den láithreáin sa chlár i spásanna ealaíne agus neamhealaíne araon tá raon feidhme agus éagsúlacht na gcomhpháirtíochtaí fairgsing. In 2010 i measc na gcineálacha comhair bhí ó thaispeántais i spásanna gailearaí a úsáidtear de ghnáth le haghaidh taispeántais ealaíne go dtí aonaid níos neamhchoitianta amhail an amharclann in Friars Gate, Cill Mocheallóg; go dtí taispeántais inar díríodh ar chleachtais nua-aimhseartha líníochta agus scannán; agus go dtí comhthionscadail le comhlachtaí bailithe náisiúnta eile amhail Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus Comhairle Contae Mhaigh

Eo agus an Chomhairle Ealaíon amhail *Altered Images* ina raibh béim faoi leith ar inrochtaineacht fosta.

Ag leanúint ó *Prospect* 2009, ag **Amharclann Friars Gate, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh,** a bhí ar siúl go dtí deireadh mhí Eanáir, ina raibh cúig shaothar scannáin ó Bhailiúchán an IMMA lena n-áirítear Paddy Jolley, Clare Langan, Brian Duggan agus Isabel Nolan. Cheiliúir an taispeántas seo an chéad am a chomhoibrigh an amharclann agus an Clár Náisiúnta. Mar chuid den taispeántas, d'éascaigh an ealaíontóir Éireannach John Beattie cainteanna agus ceardlann le grúpa bunscoile agus meánscoile agus cuireadh na saothair ealaíne a bhí mar thoradh orthu ar taispeáint mar chuid den seó. Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tacaíocht le haghaidh na gceardlann seo, a tionóladh in 2009.

Cuireadh 56 líníocht agus dealbh i láthair in *Drawing to form: Art from the Weltkunst Collection* ag **Crawford Art Gallery, Corcaigh**, ó mhí Aibreáin go dtí mí Iúil. Bhí sé d'aidhm sa taispeántas an príomhról maidir le líníocht i gcruthú nithe tríthoiseach a léiriú. Cuimsítear i mBailiúchán Weltkunst, atá ar iasacht faoi láthair leis an IMMA, bailiúchán mórthaibhseach líníochtaí ar a bhfuil dátaí ó na 1980idí go dtí na 90idí ag baint leo, le healaíontóirí atá aitheanta den chuid is mó dá gcleachtas dealbhóireachta. In *Drawing to form* cuimsíodh saothair le healaíontóirí amhail Tony Cragg, Anish Kapoor, Antony Gormley, Alison Wilding agus Shirazeh Houshiary.

Bhí *Abode* ag **Ionad Ealaíon Loch Garman** ó dheireadh mhí na Bealtaine go dtí lár mhí an Mheithimh mar thoradh ar chomhpháirtíocht fhadtéarmach idir *Art Alongside*, Ionad Ealaíon Loch Garman agus an Clár Náisiúnta. Is scéim cónaitheachta ealaíontóirí inscoile é *Art Alongside,* tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Loch Garman faoinar n-éascaigh Helen Robbins agus Mary Clare O'Brien sé thionscadal bliana i sé bhunscoil i Loch Garman. Chumasaigh saothar ó Bhailiúchán an IMMA rochtain don phobal agus go háirithe do mhic léinn araon ar an mBailiúchán Náisiúnta i suíomh aithnidiúil agus inrochtana. Bhí saothar sa taispeántas seo ó Bhailiúchán an IMMA le Kathy Prendergast, Maria Simonds-Gooding, Paddy Jolley, Rebecca Horn agus Rachel Whiteread.

*Rinneadh Altered Images*, taispeántas idir Clár Náisiúnta an IMMA, Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Seirbhís Ealaíon Thiobraid Árann Theas ina raibh saothair ó Bhailiúcháin gach comhpháirtí, a **thaispeáint ag an Áras** ó mhí an Mheithimh go dtí mí Lúnasa. I measc na n-ealaíontóirí a bhí páirteach ann bhí Thomas Brezing, David Creedon, Alice Maher, Caroline McCarthy augs Abigail O'Brien, le saothair le  a coimisiúnaíodh go speisialta le Amanda Coogan and Daphne Wright. Inrochtana, idirghníomhach agus cuimsitheach in éiteas bhí sé d'aidhm le *Altered Images* bainteach leis na hamharcealaíona a spreadadh le haghaidh an phobail i gcoitinne agus daoine faoi mhíchumais, ag úsáid ábhair thacaíochta amhail samhlacha faoisimh; cur síos fuaime ar na saothair mar aon le cur síos an ealaíontóra; láithreán Gréasáin inrochtana agus CD fuaime agus leagan Braille de chatalóg mórphriontaí an taispeántais. Tháirg an t-ealaíontóir Amanda Coogan léiriúchán sínithe léiritheach den taispeántas i bhfoirm

léiriúcháin a scannánaíodh. Bhí turais teanga chomharthaíochta ar fáil trína n-eagrú. Bhí catalóg ag gabháil leis an taispeántas ina raibh téacsanna le Padraig Naughton, Director, Ealaíona & Míchumas na Éireann (Arts & Disability Ireland) agus Cliodhna Shaffrey, coimeádaí. Taispeánadh *Altered Images* ag Músaem Contae Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, agus ag Ionad Ealaíon Bhaile an Átha, Co. Mhaigh Eo, in 2009.

Cruthaíodh deis sa seiminéar a bhí ag gabháil leis, arna eagrú ag Rannóg Oideachais agus Pobail an IMMA, le machnamh a dhéanamh ar eispéireas na n-institiúidí comhpháirtíochta agus scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin, ceisteanna praiticiúla agus acmhainní lena mbaineann. Ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo, chomhoibrigh an Clár Náisiúnta le hEalaíona & Míchumas na Éireann (Arts & Disability Ireland) agus an Chomhairle Ealaíon ar fhoilseachán i ndiaidh an taispeántais agus an tseimineáir, dar teideal *Shift in Perspective. An Arts and Disability Resource Pack.*

Bhí an tionscadal *Sacred* a bhí ar siúl i mí an Mheithimh agus mí Iúil cistithe faoin gclár Peace 111 agus ba chomhar é idir pobail ó Chora Droma Rúisc, Co. Liatrom, agus Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach. Úsáideadh na hamharcealaíona sa tionscadal, ag an **Higher Bridges Gallery, Caisleán Inis Ceithleann agus ionaid lasmuigh den láithreáin in Inis Ceithleann,** mar uirlis d'fhonn comhráite a thosú thart ar na nóisin a bhaineann leis an naofacht, an diagacht agus spioradáltacht trí ghnéithe roinnte, trialach creideamh a phlé seachas díriú ar na difríochtaí eatarthu. Bhí Sacred éascaithe ag Linda Shevlin, conraithe ag Caoimhin Corrigan, Oifig Ealaíon Liatroma.

Ba tionscadal a bhí in *Dust in the Air Suspended* ag an Músaem Contae, Cluain Meala, Contae Thiobraid Árann, le linn Iúil agus Lúnasa, arna óstáil ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas. Tugtar scrúdú ar an tuiscint fhisiceach agus mheitifisiciúil ar fhionraíocht agus an teannais a eascraíonn as an staid de bheith ar fiontraí nó a bheith coinnithe ar bís agus áiríodh air na healaíontóirí Dorothy Cross, Isabel Nolan agus Fergus Martin. Bhí catalóg lándaite ag gabháil leis.

Taispeánadh *Line Exploring Space: Drawings from the IMMA Collection* ag an **Source Arts Centre, Durlas, agus Campas Dhúrlais ag Institiúid Dhúrlais i gContae Thiobraid Árann** i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair. Ar an gcéad tionscadal comhoibríoch idir an t-ionad ealaíon, an institiúid agus an Clár Náisiúnta, bhí sé d'aidhm ann scrúdú a dhéanamh ar chineál éagsúil na líníochta trí mhodhanna traidisiúnta líníochta agus a ghaol le grianghrafadóireacht, scannáin, priontáil agus suiteáil a thaispeáint. Áiríodh ar an taispeántas saothair ó ealaíontóirí amhail Alice Maher, Hughie O'Donoghue, Stephen Brandes, David Godbold agus Garrett Phelan. Stiúir ealaíontóirí cainteanna agus ceardlanna a bhí ag gabháil leis an taispéantas agus rinne siad scrúdú ar chineálacha cur chuige maidir le líníocht

chomhaimseartha. Táirgfear foilseachán iardhearcach in 2011 agus beidh freagairtí ann ó na healaíontóirí John Beattie agus Christine Mackey.

Bhí trí shaothar scannáin in *Record* ag **Siamsa Tíre i dTrá Lí, Co. Chiarraí,** i mí Dheireadh Fómhar agus mí na Samhna ó Bhailiúchán an IMMA le Sarah Morris, Phil Collins & Gerardo Suter. Díríodh sa taispeántas ar shaothair a léiríonn an réadúlacht i stíl clár faisnéise. Bhí an comhoibriú seo ann i gcomhthráth le Féile Scannán Chiarraí.

**Oideachas agus Pobal**

Le linn 2010 lean Clár Oideachais agus Pobail an IMMA de **rochtain le haghaidh gach earnála den phobal** a chruthú, agus d'obair a dhéanamh ar thionscadail faoi leith le taispeántais a bheochan agus grinnscrúdú a dhéanamh ar Bhailiúchán an IMMA ar láithreán i gCill Mhaighneann agus as an láithreán mar chuid de Chlár Náisiúnta an IMMA. Feidhmíodh na cláir seo ar roinnt leibhéal do pháistí, daoine óga, teaghlaigh agus daoine fásta; trí threorthurais saor in aisce; cainteanna, léachtaí agus seimineáir; ceardlanna gailearaí agus bunaithe sa stiúideo; agus cuairteanna stiúideo ar na ealaíontóirí ar chlár cónaitheachta an Árais. Rinneadh rochtain don phobal a éascú trí thionscnaimh chláraithe arna ndearadh ag an bpríomhfhoireann Oideachais agus Pobail, a oibríonn leis an bhfoireann Idirghabhálaí ag an IMMA, le healaíontóirí neamhspleácha ar Phainéal Ealaíontóirí an Árais agus le healaíontóirí ar an gClár Cónaitheachta d'Ealaíontóirí (ARP).

D'óstáil an Clár Cónaitheachta d'Ealaíontóirí 15 ina raibh grúpa éagsúil de dhaoine aonair ag teacht le chéile le hoibriú ag an IMMA. Bhí ealaíontóirí as Éirinn, Ceanada/Hong Cong, SAM, an tSeapáin, an Spáinn, Meicsiceo, as an gGearmáin, Sasana agus as Albain i gcónaithe i stiúideonna an IMMA agus chuir siad saothar i láthair sa *Seomra Próiseála* agus sna gailearaithe.

I gcomhthráth, forbraíodh eachtraí agus tionscadail taighde úra le comhpháirtithe Éireannnacha agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear clár taighde arna mhaoiniú ag an Eoraip, DECIPHER, le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lean an tionscadal taighde le Coláiste Phádraig (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann) agus Éigse Éireann (Poetry Ireland), maidir le staidéar ar smaointeoireacht chriticiúil i dtaca leis na hamharcealaíona agus an focal scríofa, in éineacht le tionscnamh taighde lucht éisteachta/féachana úr leis The Ark, Ionad Cultúrtha do Pháistí maidir le lucht éisteachta/féachana bunscoile.

Ghlac os cionn 650 páiste as 31 scoil páirt sa **Chlár Bunscoile** inar díríodh ar na taispeántais *Between Methaphor and Object, Vertical Thoughts* agus *The Moderns***.** Bhí an líon seo ábhairín níos ísle ná 2009 toisc go raibh an seans ann go gcaithfí an príomhfhoirgneamh a dhúnadh le linn na bliana (cuireadh é seo ar atráth ina dhiaidh sin) agus de bharr drochaimsire ag tarraingt ar dheireadh na bliana. In éineacht leis an gClár Bunscoile foirmiúil, rinneadh 84 treoirthurais a

eagrú le haghaidh scoileanna bunleibhéil ina raibh 2,520 dalta i gceist. Bhí sraith an Churaclaim agus na nEalaíon Comhaimseartha de cheardlanna do mhúinteoirí bunscoile lán, agus d'fhreastail meán de 15 mhúinteoir ar gach seisiún.

Rinneadh an maoiniú €25,000 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a cuireadh ar fáil le 12 bliana anuas le haghaidh tionscadail rochtana le bunscoileanna atá ainmnithe mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste faoin scéim DEIS, a aistarraingt ag deireadh na bliana 2009. Lean an IMMA ag tarscaoileadh na táillí le haghaidh clár ar an láithreán le linn 2010, ach bhí orthu na cláir ar fad i gcomhar leis an gClár Náisiúnta a aistarraingt.

Leanann **scoileanna dara leibhéal** de rochtain a fháil ar an IMMA thrí threoirthurais, cainteanna poiblí, láithreán Gréasáin an IMMA, cainteanna le haghaidh múinteoirí, cruinnithe le healaíontóirí ar an gClár Cónaitheachta d'Ealaíontóírí agus tríd an tionscadal *Voice Our Concern*, i gcomhar le Amnesty International Ireland. Rinneadh roinnt tionscnamh a fhorbairt le linn 2010 agus curaclam na hArdteistiméireachta maidir le Stair na hEalaíne agus Tuiscint don Ealaín á chur san áireamh. Díríodh iontu seo ar fhoinsí úra a chur ar fáil dóibh siúd atá ag staidéar an chúrsa agus ag teagasc an chúrsa, agus ar fhaisnéis agus léargas ábhartha maidir le cleachtais reatha ealaíne dóibh siúd a bhfuil suim acu i staidéar a dhéanamh ar ealaín ag an tríú leibhéal. Eagraíodh caint speisialta le haghaidh daltaí agus múinteoirí ar *The Moderns* i bhfianaise an churaclaim seo. Chomh maith leis an clár dara leibhéal oifigiúil, eagraíodh 70 treoirthuras ina raibh 1,750 bainteach.

Bunaíodh tionscadal comhoibríoch idir Rannóg na mBailiúchán agus an Rannóg Oideachais agus Pobail d'fhonn acmhainní gréasánbhunaithe a fhorbairt ina ndírítear ar shaothair i mBailiúchan an IMMA. Rinneadh raon acmhainní, faoin teideal *Visiting an Exhibition*, le haghaidh daltaí agus múinteoirí dara leibhéal ina ndírítear ar thaispeántas *The Moderns*, a fhorbairt agus a chur ar fáil le híoslódáil ar láithreán Gréasáin an IMMA.

Ag an **tríú leibhéal**, ghlac 50 mac léinn agus a dteagascóirí ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire páirt sa tionscadal bliantúil ceithre seachtainí, sainiúil don láthair ag an IMMA. Cuireadh toradh na comhpháirtíochta leanúnaí seo i láthair ag comhdhálacha in Nantes sa Fhrainc agus i Músaem Victoria agus Albert i Londain. Cuireadh rochtain le haghaidh os cionn 140 mac léinn ón tríú bliain trí raon eile clár. Ina measc siúd bhí rannpháirtithe ón NCAD, Wolverhampton College, Coláiste Pádraig, Droim Conrach, i dteannta rannpháirtithe eile.

Lean **an Clár Cainteanna agus Léachtaí** le healaíontóirí, coimeádaithe, léachtóirí, cur ar scáileán scannán agus seimineáir, i gcomhar le clár na dtaispeántas agus d'fhonn téamaí níos ginearálta maidir le healaín nua-aimseartha agus comhaimseartha a léiriú. Cuireadh tús leis an mbliain le plé painéil faoi chathaoirleacht an léirmheastóra Valerie Connor le healaíontóirí Sam Jury, Tina O'Connell agus Ailbhe Murphy, a tionóladh i ndáil leis an taispeántas *Linda Benglis*. Ina dhiaidh sin, bhí sraith fhairsing plé i rith na bliana, lena n-áirítear an léirmheastóir Irving Sandler, an t-ealaíontóir Jorge Pardo, an t-ailtire/scríbhneoir Shumon Basar, agus an

léirmheastóir elaíne Alex Coles i gcomhar le taispeántas Pardo, agus seimineár maidir le *Altered Images: Modes of Practice* inar breathnaíodh ar shamhlacha idirnáisiúnta um rochtain chruthaitheach ar shaothair ealaíne le haghaidh daoine atá faoi mhíchumais.

Ina theannta sin bhí Anne Tallentire, Jaki Irvine, Francis Alÿs, Mark Joyce, Jörn Schafaff, Dr Bunita Marcus, Carlos Garaicoa agus daoine eile páirteach i gcainteanna/léachtaí gailearaí agus comhráite poiblí. Cláraíodh cur ar scáileán scannán i ndáil le trasghearradh de na taispeántas agus áiríodh orthu *Wide Details on the traces of Francis Alÿs* agus cur ar scáileán sé ghearrscáileáin le Anne Tallentire i gCearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill. D'fhonn an Oíche Cultúir a shonrú chuir Jackie Ryan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Stiúideo Graifice Bhaile Átha Cliath caint i láthair i ndáil le an taispeántas *Graphic Studio*. Cláraíodh cur ar scáileán scannán i ndáil le trasghearradh de na taispeántas agus áiríodh orthu *Wide Details on the traces of Francis Alÿs* agus cur ar scáileán sé ghearrscáileáin le Anne Tallentire i gCearnóg Theach an Tionóil.

Lean an tsraith *What is …?* In 2010 le *What is …?* le Meave Connolly, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, maidir le healaín agus na meáin úra; Brian Hand, ealaíontóir, scríbhneoir agus léachtóir, ar na healaíona rannpháirtíocha agus caidreamhach; Niamh Ann Kelly, DIT, ar ealaín suiteála, agu sClíodhna Shaffrey, scríbhneoir agus coimeádaí, ar ealaín phoiblí. Tá leabhrán ag gabháil le gach caint agus brollach gairid ar an topaic lena n-áirítear téacs an léiritheora, liosta léitheoireachta, gluais téarmaí agus rannán acmhainní. Rinneadh an chéad chaint sa tsraith maidir le healaín nua-aimseartha agus comhaimseartha, arna cur i láthair ag Declan Long agus Francis Halsall, a athchlárú de bharr an mhóréilimh ar ócáid *The Moderns*, agus in High Lanes Gallery i nDroichead Átha.

Críochnaíodh an bhliain le dianchlár ina raibh seacht n-éacht a bhain le *The Moderns*, lena n-áiríodh sleachta le Bruce Arnold, Joe Cleary, Francis Halsall, an Ollamh Luke Gibbons, Roisin Kennedy, Robert O'Byrne, Riann Coulter, Christina Kennedy agus Enrique Juncosa. D'fhreastail os cionn 760 rannpháirtí ar an **gclár teaghlaigh *Explorer*** gach Domhnach ó mhí Eanáir go dtí mí na Bealtaine agus ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag, agus d'fhreagair teaghlaigh ar a n-eispéireas sna gailearaithe ag úsáid ábhair ealaíne. Bhí taispeántais le *Phillippe Pareno, Jorge Pardo,* agus *Anne Tallentire*, chomh maith le taispeántais ón mBailiúcháin mar chuid den chlár. Chuimsigh na cónairí teaghlaigh an ceathrú agus an séasúr deireanach den tionscadal bliana seo ina raibh saothair le Julian Opie, James McKenna, Fergus Martin, Caroline McCarthy, Alice Maher agus Patrick Hall.

I **Seisiúin Stiúideo10/Gailearaí** le haghaidh daoine fásta díríodh ar thaispeántais aonair thar shraith de mhaidneacha Aoine. Bhí *What Happens Next is a Secret*, *Jorge Pardo, This, and other things 1999 – 2010* le Anne Tallentire agus *Vertical Thoughts* ina bpríomhghnéithe san earrach agus sa samhradh, agus rinneadh scrúdú sna seisiúin fómhair agus geimhridh ar *Post-War American Art, Graphic Studio* agus *The Moderns.* Tugadh gnéithe úra isteach in 2010, lena n-áirítear scannáin ghairid sa seomra léachta agus cuairteanna ar ealaíontóirí i gclár

cónaitheachta an IMMA. Bhí an-mhóréileamh ar na seisiúin agus bhí curtha in áirithe go hiomlán i rith an ama.

De bharr feachtas fógraíochta, preasa agus gréasáin comhcheangailte tháinig méadú suntasach ar an rannpháirtíocht sa **chlár don óige *Studio 8,*** a athosclaíodh i mí an Mhárta agus leanadh de go dtí deireadh na bliana. Tugadh aghaidh sna seisiúin ar théamaí maidir le coimeádaíocht, mar fhreagairt ar *What happens next is a secret*, agus dearadh líníochta agus cruthaitheach i ndáil le *Jorge Pardo*. Bhí béim chomh maith ar *Graphic Studio* agus *The Moderns.* Tá na líonta méadaithe den lucht freastail óg as na mórcheantair i mBaile Átha Cliath den chuid is mó, agus grúpa amháin ó Artlink i gContae Dhún nan Gall. Rinne Lynn McGrane measúnú foirmiúil ar an gclár, agus chuir sí seisiún athbhreithniú ar fhorbairt ghairmiúil ar fáil le haghaidh Idirghabhálaithe atá ag obair ar chlár an IMMA le haghaidh daoine óga.

Rinneadh **Grúpaí** a éascú trí chuairteanna aon uaire agus an clár fadtéarmach *Focus on…*. Áiríodh leo seo St Andrew's Resource Centre, arna urrú ag Bank of New York/Mellon i ndáil leis an taispeántas *Picturing New York*; seirbhís meabhairshláinte Ospidéal San Séamas, Ionad Seirbhísí Pobail San Caitríona, Ceatharlach agus Ionad San Marta dóibh siad a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. I mí Mheán Fómhair, d'éascaigh an IMMA ceardlanna stiúideo i ndáil leis an gcéad Fhéile Ealaíon Chill Mhaighneann.

I measc líon tionscadail taighde, leanadh d'Athbhreithniú Phainéal na nEalaíontóirí maidir leis an dóigh a n-oibríonn an IMMA le healaíontóirí mar mhodh le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal, ag baint leasa as comhthiomsú leathan faisnéise ina raibh cur ar scáileán tionscadail bhaintigh leis an ealaíontóir Clodagh Emoe. Cuirfear an próiseas i gcrích in 2011. Tionscnaíodh tionscadal úr leis an Monarcha Tochtanna in Pittsburg, faoi choimirce Cumann Mheiriceá um Mhúsaeim agus Ambasáid SAM, ag déanamh scrúdú chomh maith ar rochtain an phobail ar an ealaín chomhaimseartha agus rannpháirtíocht an phobail leis a mhéadú.  Tá obair á leanúint ar an tionscadal taighde le Coláiste Phádraigh (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann) agus Éigse Éireann (Poetry Ireland), ag déanamh scrúdú ar smaointeoireacht chriticiúil páistí i ndáil leis na hamharcealaíona agus leis an bhfocal scríofa. Idir an dá linn, tá tionscadal déanta ag an IMMA, i gcomhar leis The Ark mar chuid de threoirthionscadal *Build Your Audience* Chomhairle na nEalaíon. Rinneadh scrúdú ann ar an dóigh a bhfuil scoileanna rannpháirteach leis an IMMA agus The Ark, ag tabhairt aghaidhe go sonrach ar an iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag an timpeallacht eacnamaíoch dheacair.

I mí an Mheithimh 2010, chuaigh an IMMA i gcomhpháirtíocht i dtionscadal taighde dhigitigh úr DECIPHER, (an Timpeallacht Dhigiteach um Chomhéadain Chultúrtha; Oidhreacht, Oideachas agus Taighde á gcur chun cinn), tionscadal taighde ilmhilliúin, arna thacú ag an Aontas Eorpach d'fhonn cuidiú le daoine tuilleadh a fhoghlaim faoi bhailiúcháin ealaíne i músaeim, gailearaithe agus insitiúidí cultúrtha eile. Tá an taighde á stiúradh ag Ionad Meán Digiteach DIT agus tá comhpháirtithe bainteach ann ón Ríocht Aontaithe, ón Iodáil agus ó Phoblacht na Seice mar aon le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Alanari, an chartlann ghrianghrafadóireachta is sine sa domhan. Mairfidh an tionscadal trí bliana.

**I gcomhpháirtíochtaí,** leanadh d'obair le Amnesty International maidir leis an tionscadal scoileanna dara leibhéal *Voice Your Concern.* Rinneadh an Cumann um Chruthaitheacht agus na hEalaíona in Oideachais nua-chruthaithe (Association for Creativity and the Arts in Education (A.C.A.E)) a lainseáil ag an IMMA i mí na Bealtaine, a d'fhás as seirbhís tacaíochta bunscoileanna na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá díscaoilte anois. I mí na Samhna tionóladh comhdháil, *Encountering the Arts,* ag an Áras agus thug an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hannifin, TD aitheasc aige. Dhírigh sé seo ar an gclár oibre náisiúnta um ealaíona san oideachas a chur chun cinn. Thionóil an grúpa oibre CNCI/ECO comhdháil i Leabharlann Chester Beatty ar *Social Inclusion and Cultural Diversity in Ireland's Cultural Spaces* agus chuir an IMMA páipéar i láthair. Chuir an IMMA páipéir i láthair fosta ag dhá chomhdháil idirnáisiúnta in IVAM in Valencia, an Spáinn, agus an 16ú Comhdháil DEAC agus an *Intercultural dialogue in contemporary art* le haghaidh comhghleacaithe Eorpacha sa Bheilg d'fhonn faisnéis agus taithí a chomhroinnt i gcomhdháil inár díríodh ar *Foghlaim ar feadh an tSaoil*.

Áiríodh ar **fhoilseacháin** *Museun21*, imeachtaí siompóisiam idirnáisiúnta an IMMA den ainm céanna; leabhráin i gcomhar le léachtaí *What is…?;* sraith úr pacáiste ealaíne le haghaidh páistí bunscoile, agus na conáirí ealaíne.

Bronnadh an ***All Ireland Inspirational Life Award*** tionscnaimh ar an IMMA as a chláir do dhaoine scothaosta, inar spreagadh daoine aonair agus grúpaí gníomhacha lucht scoir le bheith rannpháirteach leis an Áras óna bhunú i 1991.

***An Clár Cónaitheachta d'Ealaíontóirí***

Is é an Clár Cónaitheachta d'Ealaíontóirí (ARP), atá ina chuid den Rannóg Oideachais agus Pobail, clár stiúideo/cónaitheachta an IMMA. Cuirtear deis ar fáil ann d'ealaíontóirí le taighde a dhéanamh ar a gcleachtas agus é a fhorbairt, tugtar tacaíocht ann d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ealaíontóirí bunaithe, ag obair i meán ar bith trí iarratas nó cuireadh agus tá sé oscailte d'ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta araon. Bhí an ARP dúnta ar bhonn sealadach ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2009 le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar thrí áras agus Foirgneamh Flanker a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí. Athosclaíodh an clár ag tús mhí an Mhárta 2010. Bhí an t-uasghrádú seo ar na saoráidí cónaitheachta ina chéim mhór, toisc nach raibh mórán athruithe déanta ar a lán den chóiríocht ó bunaíodh an ARP i 1994.

**Ealaíontóirí Rannpháirteacha le haghaidh 2010**

| | | |
|---|---|---|
| **Sam Jury** (RA) | www.samjury.com | Deir Fomh 09 – Ean 10 |
| **Will Kwan** (CA/HC) | www.studiowillkwan.com | Noll 09 – Feab10 |
| **Eliza Newman–Saul** (SAM) | www.local-artists.org/users/ | Deir Fomh 09 – Feab10 |
| **Yotaro Niwa** (JP) | | Noll 09 – Feab 10 |

| | | |
|---|---|---|
| **Atsushi Kaga** (JP) | www.atsushikaga.com | Ean – Meith 10 |
| **Sally Osborn** (RA) | www.doggerfisher.com | Feab – Beal 10 |
| **Aoife Collins** (ÉIRE) | | Már – Lún10 |
| **Pascal Bircher** (RA) | www.lachatregalerie.com | Aib – Meán Fómh 10 |
| **Juliette Blightman** (RA) | | Aib – Beal 10 |
| **Llobet & Pons** (ES) | www.llobet-pons.net | Aib – Meith 10 |
| **Oswaldo Ruiz** (MX) | www.oswaldoruiz.com | Beal – Meán Fómh 10 |
| **Santiago Borja** (MX) | | Meith –Lún 10 |
| **Brigitte Jurack** (DE) | www.brigittejurack.com | Iúil – Lún 10 |
| **Martina Schmücker** (DE) | | Iúil – Meán Fómh 10 |

Cuirtear béim san ARP ar an bpróiseas oibre seachas agus an táirge deiridh agus cothaíonn sé scrúdú a dhéanamh ar thuairimí agus bealaí úra le hoibriú. Faigheann ealaíontóirí deis le plé a dhéanamh lena bpiaraí agus leis an bpobal cuairte trí rochtain ar a stiúideo a éascú le linn a n-ama ag an IMMA. Is iad sraitheanna eile rannpháirtíochta atá ar oscailt do rannpháirtithe ARP ná an Seomra Próiseála agus Comhráite ARP.

Is é is aidhm leis an **Seomra Próiseala** na próisis a bhaineann le cruthú, taispeántas agus breathnú na healaíne comhaimseartha, a bhíonn i bhfolach go minic ón bpobal a nochtadh. Éascaíonn an seomra rochtain ar chleachtas leanúnach ealaíontóirí ar an ARP. Úsáidtear spás an taispeántais ar bhonn rothlach agus bíonn tréimhse dhá sheachtain ag rannpháirtithe an ARP lena dtionscadail atá i mbeal forbartha a thaispeáint óna gcleachtas stiúideo.

Rinneadh na taispeántais seo a leanas sa Seomra Próiseála nó i suíomhanna eile ag an Áras.

**Sam Jury** / *Still and Still Moving* / 06 – 17 Ean 10
**Eliza Newman–Saul** / *The Bad Event* / 26 Ean – 07 Feab 10
**Will Kwan** / *Rhetorical questions (Two Hundred Euphemisms)* / 09 – 21 Feab 10
**Yotaro Niwa** / *Untitled* / 23 Feab – 07 Már 10
**Sally Osborn** / *Action Event Object* / 23 Már – 05 Aib 10
**Juliette Blightman** / *the day grew darker still* / 18 – 30 Beal 10
**Llobet & Pons** / *The Morse Code Sprinklers Test* / 01 – 13 Meith 10
**Atsushi Kaga** / *Nerd Bag* / 15 – 27 Meith 10
**Aoife Collins** / *There is no Release My Darling* / 29 Meith – 11 Iúil 10
**Pascal Bircher** / *3C 75 - I'll go on I will Yes* / 13 – 25 Iúil 10
**Santiago Borja** / *In the Shadow of the Sun* / 30 Lún – 26 Meán Fómh 10
**Brigitte Jurack** / *Die Tangente berührt den Kreis in genau einem Punkt (The tangent touches the circle at only one point)* / 10 – 22 Lún 10
**Oswaldo Ruiz** / *Last Night* / 27 Iúil– 08 Lún 10
**Martina Schmücker** / *Feedback Room* / 25 Lún – 05 Meán Fómh 10

Tá comhráite sainiúil don láthair eagraithe leis na healaíontóirí ar an ARP. Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí na féidearthachtaí maidir le comhrá poiblí malartach a bhaineann lena gcleachtas

agus iad ar chlár cónaitheachta ag an IMMA a phlé leis an Áras. Is é is aidhm leis an tsraith seo idirghníomhaíocht léirsteanach agus fhócasaithe a ghiniúint le gach duine de na healaíontóirí rannpháirteacha, a saothar, agus na topaicí a thagann as a gcleachtais.

- Ghlac **Sam Jury** páirt i gcaint phoiblí faoi chathaoirleacht Valerie Connor i gcomhthéacs an taipeántas Bengli**s.**
- Thionóil **Eliza Newman-Saul** dhá léiriúchán inste de *Everything is Equally Familiar*.
- Tionóladh píosa léiriúcháin **Juliette Blightman /** *the day grew darker still* took sa Seomra Léachta.
- Choimisiúnaíodh Padraic Moore d’fhonn téacs a scríobh mar fhreagairt ar chleachtas stiúideo **Aoife Collins** mar chuid de chomhrá leanúnach leis na healaíontóirí ina stiúideonna.
- Thug **Pascal Bircher** cuireadh do Timothy O'Neill, callagrafaí, staraí agus ealaíontóir, agus Luke Drury, ollamh agus stiúrthóir ar Scoil na Fisice Cosmaí ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath le caint a thabhairt ag an IMMA. I dtionscadal ar leith, rinne sé obair scannáin a uaslódáil ar leathanach Facebook an IMMA le Lá Bloom a shonrú chomh maith.

Tá an tsraith rannpháirtíochta seo leanúnach agus tá **éileamh seasta ón bpobal le cuairt a thabhairt ar ealaíontóirí ina stiúideonna**. Bhuail a lán de rannpháirtithe na gceardlanna Oideachais agus Pobail agus grúpaí cuairte leis na healaíontóirí ar bhonn rialta. Bhí roinnt líonmhar cuairteanna stiúideo ó choimeádaithe agus ó ghairmithe ealaíne, agus tugadh deiseanna don ARP leas a bhaint as an timpeallacht seo. Tionóladh Stiúideonna Oscailte mar chuid den Oíche Chultúir agus tionóladh Stiúideo Oscailte lae i mí Mheán Fómhair fosta. Le haghaidh na hOíche Cultúir rinne na healaíontóirí ar fad ar an ARP a saothar stiúideo a shuiteáil sna spásanna stiúideo ar an urlár talún agus leag siad taispeántais amach le haghaidh na n-eachtraí oscailte, thug na céadta duine cuairt ar na stiúideonna agus d’éirigh go han-mhaith leis an Oíche Chultúir.

**I gcomhoibriú eile**, bhí an ARP buíoch na haisteoirí Gina Moxley agus Marty Rea a fháil le closdráma a thaifeadadh, arna scríobh agus chur in eagar ag Martina Schmücker. Fuarthas tacaíocht don chlár cónaitheachta ó iliomad eagraíochtaí lena n-áirítear Ambasáid na Gearmáine, Ambasáid Mheicsiceo, The Alliance Française agus SEACEX. D’oibrigh an ARP lena lán cumadóirí a chuir a scileanna ar fáil ag costais ainmniúla agus bhí Oifig na nOibreacha Poiblí an-chuidiúil ar fad maidir leis na tionscadail a éascú agus cuidiú a thabhair leo. Dáileadh dhá bhileog poiblíochta, a priontáladh in 2009, trí chor poist agus cuireadh ar fáil don phobal cuairte iad ag an doras tosaigh.

**Gnóthaí Poiblí**

Tharraing **lainseáil chlár 2010 an IMMA** i mí Eanáir an tintreamh is airde i stair 18 mbliana na heachtra, lena n-áiríodh Eagarthóir Critice agus Léirmheastóir Ealaíne *The Irish Times*,

eagarthóirí fhoilseacháin ealaíne *CIRCA* agus *Visual Artists Ireland* agus oifigigh ealaíon agus chultúir ó Fáilte Éireann agus Turasóireacht Bhaile Átha Cliath. Ní raibh an tAire Martin Cullen ábalta freastal air, ach tháinig an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta aige as na hEalaíona, an Dr. Martin Mansergh, TD, go cineálta ina ionad. Bhí an lainseáil ina phríomhghné in *The Irish Times*, *The Irish Independent* agus ar Lyric FM. Lean clúdach den taispeántas a raibh an-tóir air *Picturing New York* ina gcuimsítear saothar ó bhailiúchán grianghrafadóireachta MoMA, a osclaíodh i mí na Samhna 2009, suas go dtí deireadh an tseó i mí Feabhra ar fud raon leathan meán.

Cuireadh tús an-mhaith ar fad leis an **gclár taispeántas úr** fosta. Rinne *Anne Tallentire* go maith le gné-alt de leathanach iomlán in *The Irish Times*, athbhreithniú dhá leathanach in *Irish Arts Review* agus bhí an t-athbhreithniú ar *The View*. *Jorge Pardo* Theilifís RTÉ ina ábhar d'athbhreithiniú substaintiúil in *The Sunday Times* agus tugadh taispeánta Francis Alÿs chun suntais i bhfoilseacháin éagsúla. Bhí na trí thaispeántas uile ina réamhbhreathnú in *The Guardian Guide* agus, go rialta, ina rannán *Pick of the Week*.

Tharraing *Vertical Thoughts*, a d'oscail an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Mary Hanafin, TD, aird shuntasach meán. Bhí sé ina ábhar ar shliotán ama *Nova* ar Lyric FM agus cuireadh é ar *Arts Tonight* Raidió RTÉ agus bhí sé ina phríomhghé in *The Irish Times*, inar cuireadh síos air mar "eachtra spreagúil ba cheart a fheiceáil". Rinneadh é a chumhdach ar *The View* agus in *The Sunday Times*, *The Irish Independent* agus *The Wall Street Journal* fosta. Tugadh nochtadh fairsing do thaispeántas an Bhailiúcháin *Collecting the New* ar fud na meán craolúcháin agus priontála agus rinne *Post-War American Art* go maith le hathbhreithnithe in *ARTNews* agus *The Irish Times*, píosa ar *News on Two* RTÉ agus agallaimh le Barbara Novak agus Brian O'Doherty ar BBC Radio Ulster agus Raidió RTÉ.

Fuarthas **leibhéal neamhghnách suime ó na meáin** a mheaitseáil díograis cuairteoirí maidir le *The Moderns* agus a eachtraí bainteacha, agus bhí gné-ailt shuntasacha i bpáipéir nuachta na hÉireann maidir leis. An lá a osclaíodh é, rith RTÉ 1 agus 2 míreanna ar a bpríomhfheasacháin nuachta, agus cuireadh síos in *The Irish Times* faoin taispeántas mar "caithréim" agus 'nóiméad sainithe don áras" agus tugadh raon feidhme an taispeántais chun suntais in *The Sunday Times*, mar "ó fhathaigh dhomhan na healaíne go dtí ardéirimí i bhfolach". Bhí agallaimh ann chomh maith ó Cheann na mBailiúchán san IMMA agus foireann eile de chuid na mBailiúchán, lena n-áirítear gné-alt uaire ar *Nova* ar Lyric FM agus píosaí ar *The David Harvey Show* ar 4FM agus ar a *Culture Club*. Bhí agallamh fada ar *Today with Myles Dungan* ar Raidió a hAon RTÉ le Robert O' Byrne, rannpháirtí san fhoilseachán, ar phríomhshliotán ama lár na maidne Saoire Bainc Dé Luain.

I gclúdach eile na meán, bhí clúdach suntasach faoi chlár an IMMA do pháistí i bhforlíonadh *Irish Times Art in the Classroom*, agus tugadh clúdach maith do rath an Árais sna Gradaim bhliantúla *Business to Arts* chomh maith. Le linn na bliana thug roinnt **scríbhneoirí ealaíne idirnáisiúnta suntasacha** cuairt ar an IMMA, lena n-áirítear an léirmheástóir ealaíne a bhfuil

an-mheas air Barry Schwabsky, ó *Artforum*, David Briers, ó *Art Monthly,* Roger Atwood, ón iris Mheiriceánach *ARTnews*, agus Elizabeth Fitzherbert, a scríobhann don *The Wall Street Journal*.

Cuireadh **feachtas fograíochta** fairsing i bhfeidhm d'fhonn an taispeántas *Vertical Thoughts* a chur chun cinn, lena n-áirítear fógraí raidió ar thrí staisiún RTÉ, póstaeir ar fud Bhaile Átha Cliath agus fógraí priontála in *The Irish Times* agus *The Irish Independent*. Áirítear ar an bhfeachtas idirnáisiúnta fógraí in iris eitilte Ryanair agus Aer Lingus in *Ireland of the Welcomes* agus i bhfoilseacháin ealaíne *Artforum* agus *Modern Painters*. Rinneadh fógraíocht do *The Moderns* in *The Irish Times*, raidió agus teilifís RTÉ, *Cara*, *Artforum*, *Totally Dublin*, *Printed Project*, *The Irish Independent*, Fógraíocht Póstaer na hÉireann agus e-flux.

Bhunaigh an IMMA a leathanach Facebook féin chomh maith agus thosaigh siad ag cur a n-eachtraí in iúl do dhaoine ar Twitter. Tharraing an dá rud aird an phobail go gasta agus cruthaíodh é a bheith an-úsáideach le baill den phobal a tharraingt go dtí eachtraí amhail an Oíche Chultúir, ag a raibh an tintreamh is airde ariamh.

Óstalaíodh/eagraíodh roinnt eachtraí ardphróifíle sa rannóg le linn na bliana chomh maith, lena n-áirítear cuairt ón Dr. Dr Ian Paisley agus a bhean chéile Banbharún Paisley, ar iarratas ó Roinn an Taoisigh, agus lón d'fhonn saothair le James McKenna a shonrú. Rinneadh nótaí urlabhra a ullmhú i Roinn na bGnóthaí Poiblí fosta le haghaidh Airí cuairte, mar aon le tuairiscí ar raon topaicí le haghaidh na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.

Cuireadh Roinn na nGnóthaí Poiblí ar an ngearrliosta le haghaidh **Dhámhachtainí um Fheabhas i gCaidreamh Poiblí** Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí as a n-obair phoiblíochta le haghaidh an taispeántais *The Moderns*.

**Forbairt**

Lean **priontaí d'eagrán teoranta** d'fhoinse ioncaim mhéadaithe a chur ar fáil le saothair úra a bhronn Martin Gale, William Crozier, Ferran Garcia Sevilla agus Jorge Pardo. Is ionann an meán-glanioncam in aghaidh na bliana anois ó dhíolacháin eagráin agus €47,500.

**Lean an** ghníomhaíocht ballraíochta agus bronntóirí go gasta le cárta ballraíochta coimisiúnaithe ón ealaíontóir Caroline Donohue. I measc buaicphointí gníomhaíochta le haghaidh ball in 2010 bhí bróinse réamhbhreathnaithe maidir le *The Moderns*, cuairt ar an bPáirc Dealbhóireachta i gCo. Uíbh Fhailí, agus Margadh Ealaíne sa Halla Mór, mar aon le 12 amharc phríobháideacha ag an IMMA, agus os cionn 40 cuireadh óiche oscailte ar ghailearaithe ar fud Bhaile Átha Cliath. Le haghaidh *Jorge Pardo,* d'óstáil an IMMA bróinse réamhbhreithnithe le

haghaidh 90 duine inar thug Rachael Thomas, Ceann na dTaispeántas ag an IMMA turas den seó.

Le haghaidh oíche oscailte Pardo agus Tallentire, d’óstail an tÁras 300 i gcomhair fáiltithe sa Halla Mór agus 80 i gcomhair dinnéir sa Séipéal, agus le haghaidh Francis Alÿs 250 i gcomhair deochanna agus 60 i gcomhair dinnéir. Tharraing bróinse réamhbhreithnithe Ball le haghaidh *Vertical Thoughts* 70 duine i gcomhair cainte le Sean Kissane. Le meán 12 ghníomhaíocht mhíosúla eagraithe do Bhaill, is é seo an féilire príobháideach is gnóthaí ariamh maidir leis na hamharcealaíona atá á thairiscint.

Taispeánadh **méadú suntasach in urraíocht agus maoiniú na dtaispeántas** bliain ar bhliain. Leanadh de mórurraíochtaí ó Bank of America *(Lynda Benglis),* Bank of New York Mellon (*Picturing New York*) isteach sa chéad chúpla mí de 2010. Tugadh bronntanas ó bhronntóir gan ainm de €25,000 i gcomhair an taispeántas *Jorge Pardo* a ghléasadh, agus fuarthas €9,500 comhthiomsaithe le haghaidh sheó Francis Alÿs ón Rialtas Pléimeannach, Rialtas Mheicsiceo agus dhá ghailearaí. Thug Insitiúid Ramon Llull €10,000 i gcomhair Ferran Garcia Sevilla; chuir gailearaí Carlos Garacoia €6,000 lena sheó aonréadach féin. Thug Ciste Thuaidh/Theas DAST €10,000 le haghaidh *Sacred*, seó Bailiúcháin ar an dá thaobh den teorainn, agus chuir Ciste Mheiriceá/Éireann €5,000 i maoiniú i gcomhair an taispeántais *Post-War American Art* exhibition.

Tharraing dhá thaispeántas eile maoiniú suntasach:

- *Vertical Thoughts* ó Ambasáid na hEilvéise agus Institiúid Cervantes, mar aon le bronntanas €25,000 ó H & K International agus sparánacht turasóireachta speisialta shuntasach ó DAST de €60,000.

- Fuair *The Moderns* €48,000 ó BNP Paribas in urraíocht airgid, agus caiteachas eile de €50,000 le haghaidh eachtraí ag an IMMA; €35,000 ón RTCS i gcomhair catalóige agus €105,000 i gcomhair músaeim ar líne den scoth. Áiríodh ar chomhpháirtíocht mheán leis *The Irish Times* fógraí priontála, fógraí meirge ar líne agus 140,000 mír irise arbh ionann é agus €45,000 go hiomlán. An dara comhpháirtíocht mheán le RTÉ le haghaidh feachtais teilifíse dar luach €20,000, agus feachtas raidió 50% dar luach €10,000. Ba urraíocht chomhchineáil ó ICAD Cawley Nea, agus Piranha Bar a bhí sa léiriú le haghaidh an fhógra teilifíse agus chosnódh sé thart ar €80,000 lena dhéanamh i dtimpeallacht tráchtala. Thug Graeme Beere and Denis Desmond’s Yo Sushi! páirt-urraíocht le haghaidh na hoíche oscailte.

Tiomsaíodh €5,000 i **mbosca bailiúcháin an IMMA**.

Ó athraíodh an bhainistíocht sa **siopa leabhar**, rinneadh an t-airgead a chothromú go suntasach agus de bharr stoc úr tá na torthaí tráchtála níos fearr ná a rabhthas ag súil leis agus tá an todhchaí níos fearr don asraon miondíola. Tá stoic chatalóga an IMMA ar ais ag leibhéal níos

inláimhsithe anois, agus ba cheart go gcuideodh an bhreis de *DAP Books Worldwide* mar dháileoir úr maidir le láithreacht fhoilseacháin an IMMA amach anseo sna siopaí leabhair ealaíne níos fearr. Tháinig méadú suntasach ar na díolacháin leabhar ar líne sa Rannóg Forbartha agus rinne siad leabhrán 24 leathanach a phriontáil ar gach foilseacháin d'fhonn teidil chúl-liosta a bhrú ar aghaidh. Roghnaigh Pineapple Media (domhanda) *Boulevard Magenta* a dháileadh, ag tógáil ár iar-stoic ar fad.

Tá Fondóireacht SAM (501 (c) (3)) ar a dtugar **American Friends of the Arts in Ireland** (ar chuir Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, an Ceoláras Náisiúnta, Leabharlann Chester Beatty, Féile Amharclanna Bhaile Átha Cliath agus *Business to Arts* tús leis) cláraithe anois leis an Ioncam Intíre agus tá sé ag tosú anois ag úsáid bronntanas.

**In urraíocht chomhchineáil,** mar aon leis an tacaíocht thuasluaite i gcomhair *The Moderns*, chuir *The Irish Times* €25,000 ar fáil i spás fógraícohta le haghaidh *Jorge Pardo* agus *Vertical Thoughts*; thug lipéad Torres Findlater Wine urraíocht le haghaidh *Ferran Garcia Sevilla*. Thug Barry & Fitzwilliam's Corona Beer urraíocht le haghaidh Francis Alÿs; thug Google urraíocht i gcomhair fógraíochta ar líne le haghaidh na nEagrán Teoranta, agus thug Óstán Clarence urraíocht i gcomhair an dinnéar do *Post-War American Art*. Ar an Oíche Chultúir, chomhurraigh Miele & Becks Beer an bia agus na deochanna ag 'Cóisir Sráide' lasmuigh ag taobh cónaithe na n-ealaíontóirí. D'fhreastail thart ar 850 duine, agus thug 520 cuairteoir cuairt ar na Gailearaithe Úra. Chuir Irish-times.com, Ireland.com agus myhome.ie €12,000 d'fhógraí ar líne ar fáil le haghaidh an taispeántais *Jorge Pardo*, agus thug Rhatigan Developments forbairt Sheomra an Díontí sa Cheantar Theas don ealaíontóir Carlos Garacoia agus a theaghlach le fanacht ann fad is a bhí siad in Éirinn.

Chomh maith leis an tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile atá léirithe thuas tugadh roinnt bronntanas suntasach i gcomhair Bhailiúcháin an IMMA, arna léiriú faoi **Bhailiúcháin** thuas,

Bronnadh **Dámhachtain Speisialta na Moltóirí** (Special Judge's Awards ) ar an IMMA ag Dámhachtainí *Business to Arts* Allianz 2010 as " a n-obair úrnua le hurraithe amhail Bank of America, BNY Mellon, BMW Ireland agus Ebow design".

**Acmhainní Daonna**

Sa réimse um **theicneolaíocht na faisnéise** (TF), atá ina chuid de Rannóg na nAcmhainní Daonna, rinneadh balla dóiteáin an líonra a athsholáthar agus tugadh isteach saoráid VPN teoranta in 2010. Chuir na sé *Netbook* 'saora', cliant VPN le gach ceann acu, bealach níos solúbtha agus níos cairdiúla ar fáil don fhoireann le hoibriú agus le hidirghníomhú le comhghleacaithe agus iad ag obair lasmuigh den Áras.

Lean an rannóg TF de **réimsí oideachais agus oiliúna i réimsí a bhaineann le teicneolaíocht** a chur chur cinn trí oiliúint a éascú le haghaidh na foirne in Autocad agus Photoshop araon. Rinneadh obair shuntasach ann chomh maith maidir le hullmhú le haghaidh an lear mór tionscadal a bhí beartaithe do 2011, lena n-áiríodh uasghrádú ar an ailtireacht freastalaí agus próiseas tairisceana le haghaidh seirbhísí tacaíochta TF. D'éascaigh an dara ball páirtaimseartha a cuireadh leis an bhfoireann sa rannóg TF i ndeireadh 2010 méadú sna leibhéil tacaíochta atá ar fáil don fhoireann.

Bhí dúshláin faoi leith laistigh de réimse na nAcmhainní Daonna in 2010 de bharr an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, agus Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014, sa chás go ndearnadh pá agus coinníollacha a laghdú go suntasach. Mar sin féin, de bharr thraidisiún fadbhunaithe solúbachta agus dea-thola na foirne, tá an tÁras sásta a shonrú gur lean sé de **chlár iomlán agus gnóthach a chur ar fáil, agus dá thiomantais éagsúla mar institiúid phoiblí a chomhlíonadh**. Lean an IMMA dá oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Míchumais a chomhlíonadh, a chur chun cinn agus a thacú, ag cur raon gníomhartha a thig ó iniúchadh inrochtaineachta i bhfeidhm.
De bharr srianta buiséadacha, bhí gá réimsí áirithe oiliúna agus forbairta a shaincheapadh, le **hoibriú trasearnála méadaithe**, laistigh agus lasmuigh den eagraíocht araon.

**Oibríochtaí**

D'ainneoin chúngú an mhaoinithe a bhí ar fáil go ginearálta, i rith thréimhse na tuarascála lean Oifig na nOibreacha Poiblí de **chothabháil fhairsing agus cláir oibreacha caipitil.**

Tá ceisteanna **sláinte agus sábháilteachta** fós ina dtosaíocht maidir le feidhmiú an Árais agus cuireadh roinnt tionscadal ar aghaidh maidir leis seo. In 2010 cuireadh feabhas ar an rochtain do choisí agus d'fheithiclí ar an nGeata Thoir. Cuireadh oibreacha feabhsaithe ar bhalla teorann agus ar thailte an Ospidéil Ríoga i gcrích chomh maith, agus rinneadh roinnt suirbhéanna ar na foirgnimh lasmuigh d'ionad RHK chun críche sláinte agus sábháilteachta.
I lár 2010, cuireadh **stóráil as an láthair i gcrích** don IMMA, ag cur stóráil bhreise a raibh an-ghá léi ar fáil le haghaidh saothair ealaíne i suíomh slán agus barrmhaith. Rinneadh tuilleadh oibreacha ullmhúcháin ar an tionscadal um Uasghrádú Dóiteáin agus Slándála, agus tá sé seo le tosú i ndeireadh 2011. Leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an Áras maidir le clár oibreacha oiriúnach a fhorbairt le haghaidh 2011.

I gcomhthéacs **eachtraí tráchtála,** ba bhliain eile dhúshlánach a bhí sa bhliain 2010 agus de bharr na staide eacnamaíche a bhí ann tharla laghdú 27% sa láimhdeachas. Ba fhachtóir eile a chuir leis ná lainseáil an Ionaid Chomhdhála úir toisc gur tharraing a úrnuacht cliaint ar shiúil ó IMMA/RHK. Bhí roinnt cealluithe ann chomh maith de bharr na ndeacrachtaí taistil le luaithreamhán bolcánach agus chuir na diandálaí aimsire isteach ar ghnó na Nollag. Leanadh d'fheachtais mhargaíochta bhríomhara ina raibh éagsúlacht tairiscintí an-solúbtha mar phríomh-mheicníocht d'fhonn cliaint úra a tharraing agus pátrúin a bhí ann cheana a chothú.

**Slándáil**

Cuireann an Rannóg Slándála dhá sheirbís ar fáil ag an IMMA, an chéad cheann ná **an oibríocht Slándála, Dóiteáin agus Sábháilteachta** d'Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann agus na tailte. Is é an dara ceann **Idirghabhálaithe Faisnéise** a chur ar fáil leis na turais laethúla a thabhairt don phobal, cláir oideachais agus turais a chur ar fáil do scoileanna, coláistí agus bunaíochtaí ardoideachais.
Cuimsíonn an rannóg seo 17 nIdirghabháil Faisnéise Poiblí, ar bhuanphoist lánaimseartha nó pháirtaimseartha. Mhéadaíonn painéal 30 Idirghabháil Ócáideach a sholáthraíonn seirbhís feitheoireachta don IMMA le linn thréimhsí gnóthacha taispeántas. Tá Idirghabhálacha Faisnéise Poiblí freagrach as an oibríocht slándála inmheánaí laethúla atá tacaithe ag cuideachta slándála ar conradh a sholáthraíonn foireann slándála breise.

Le cois feitheoireachta agus turas, tá na hIdirghabhálacha Faisnéise bainteach go gníomhach le gach gné de na **cláir oideachais** agus taistilíonn siad go minic leis an gClár Náisiúnta ag tabhairt eispéireas an IMMA go dtí ionaid lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá siad freagrach fosta as an **gClár Bunscoile,** *Focus On…*, Clár na Scothdaoine, Turais Bealtaine, *Studio 8, Studio 10,* Turais Saor in Aisce agus as an gClár Teaghlaigh *Explorer* a sheachadadh. Bhíonn an rannóg rannpháirteach ar bhonn seasta leis an mórán cuairteoirí a thagann go dtí an tÁras agus an láithreán, nach bhfuil bainteach le clár faoi leith ar bith.

Lean an Rannóg **de mheasúnaithe ar an riosca ionaid agus iompair ealaíne** a dhéanamh i gcás shaothair ealaíona uile an IMMA a thugtar ar iascacht le hinstitiúidí eile ón mbuanbhailiúchán. Déantar athbhreithniú seasta ar an oibríocht slándála i gcomhair leis an nGarda Síochána agus Coiste Idirnáisiúnta na Músaem agus cuirtear moltaí i bhfeidhm a luaithe is féidir.

Aguisín I

Sealbhuithe do Bhailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann 2010

**Ceannachán**

**Nina Canell**
*Expand, Expand Through Bush & Land,* 2007 – 2008
Suiteáil meán measctha
Ceannachán, 2010

---

**Patrick Michael Fitzgerald**
*Swarms the Moth*
Ola & Colláis ar Línéadach
Gan fhráma: 160 x 180 cm
Ceannachán, 2010

---

**John Gerrard**
*Dust Storm (Manter, Kansas)*
Teilgean 3D Réad-ama
Athraitheach
Ceannachán, 2010

---

**Katie Holten**
*137.5 °/it started on the C-train*
Suiteáil Bhalla: olann, greamanna, thart ar 150 píosa singil, páirtchróiseáilte le chéile
Athraitheach
Ceannachán, 2010

---

**John Kindness**
*Big School Dog* 1988
Plástar, clár dubh, cailc
Gan fhráma: 84.5 x 18.8 x 45 cm
Ceannaithe ag Áras Nua-ealaíne na hÉireann le cistí a chuir Cormac K.H. O'Malley ar fáil, 2010

---

**Nevan Lahart**
*Ch.17: Pay Per View (the scraping's of the palate)*
MDF
Gan fhráma: 40 x 58 cm
Ceannachán, 2010

---

*Ch.26: Sub-Commandant Marcos, The Friendly Terrorist (after R. Hamilton)*

---

*Goya's Gaia #16*

---

*Goya's Gaia #4*

---

**Niamh McCann**
*Tree*
veinír, órdhuille, cré-umha teilgthe cumhdaithe, neon
